



Creative
Schools



Scoileanna
Ildánacha



TODHCHAÍ
ÚRNA

Conas is Féidir liom mo chuid Daltaí a Spreagadh le bheith Rannpháirteach?

Mar thúsphointe don cheiliúradh, d'fhéadfaí an tslí is fearr chun Seachtain na Scoileanna Ildánacha a cheiliúradh a fhiosrú leis na leanaí agus leis na daoine óga sa scoil/ionad ach cúpla ceist a chur orthu mar atá thíos. Nó níos fearr fós – d'fhéadfá Grúpa Comhairleach Ceiliúrtha a bhunú agus daltaí mar ionadaithe air.

Cuir ceist ar na daltaí:

- Cad a chiallaíonn sé bheith cruthaitheach, dar libh féin?
- Cad é an rud ab fhearr libh faoi pháirt a ghlacadh i Seachtain na Scoileanna Ildánacha?
- An bhfuil rud éigin cruthaithe agaibh ar mhaith libh a roinnt leis an rang, an scoil, bhur gclanna, an pobal?
- Conas is féidir linn lucht sprice níos leithne a shroicheadh agus ár gcruthaitheacht a roinnt agus scaradh sóisialta ar siúl?
- Cad ba mhaith libh a fhiosrú, a chur ar stáitse, a thaispeáint, a chur i láthair, a chur os comhair an phobail, cé na ceardlanna nó na taispeántais ar mhaith libh a eagrú?

Úsáid...

- Tobsmainteoireacht
- Ceardlanna
- Ceistneoirí
- Suirbhéanna
- Fócasghrúpaí beaga

Cibé rud a oirfidh do do scoil/d'ionad dar leat féin.

Conas is féidir linn Seachtain na Scoileanna Ildánacha a cheiliúradh?

Má tá ábhar cruthaithe agaibh cheana a d'fhéadfaí a thaispeáint le linn Sheachtain na Scoileanna Ildánacha, tá sé sin iontach! B'fhéidir go bhféadfadh sibh féachaint air arís, snas a chur air nó é a thaispeáint!

Nó d'fhéadfá an téama 'Todhchaí Úrnua' a úsáid chun roinnt saothar nua a bhunú air. Féach laistigh den scoil d'fhonn fáil amach an bhfuil daoine cumasacha nár baineadh leas astu, b'fhéidir go bhfuil múinteoir nó tuismitheoir ann, a bheadh sásta cabhrú libh le bhur gceiliúrthaí a eagrú le haghaidh Sheachtain na Scoileanna Ildánacha.

Tá raidhse foirmeacha ealaíne ann agus gnéithe éagsúla le gach ceann acu. Ná déan dearmad gur gníomhaíochtaí thar a bheith cruthaitheach freisin iad an cheardaíocht agus gníomhaíochtaí praiticiúla eile mar chócaireacht agus garraíodóireacht!

AGUS NÍL ANSIN ACH
CUID BHEAG ACU:



Samplaí d'Fhoirmeacha Ealaíne a d'fhéadfadh do chuid Daltaí a Fhiosrú

Scannánaíocht

- turas físe a dhéanamh de bhur mbaile/bhur gcathair
- físeán a dhéanamh de ghnáthlá in bhur scoil físeán ceoil a dhéanamh agus ról ag gach dalta & múinteoir ann
- taispeánta a eagrú le haghaidh físeáin/beochana

Amharc-ealaín

- Múrphictiúr nó limistéar graifítí na scoile a nochtadh
- socrú go bpéinteálfaidh gach rang pictiúr agus na pictiúir go léir a cheangal in aon phictiúr mór amháin.
- club ceamara a bhunú, grianghraif a thógáil de rudaí laethúla ó uillinneacha neamhghnácha
- ar thóg sibh grianghraif i rith na bliana? lad a phriontáil agus an próiseas a léiriú leo
- turas fíorúil d'eagraíocht ealaíon áitiúil ag daltaí
- pictiúir na ndaltaí a chrochadh ar fud na scoile le go bhfeicfeadh gach duine iad
- cuireadh a thabhairt d'ealaíontóir áitiúil cur i láthair a thabhairt ar zoom
- an ghrianghrafadóireacht a roinnt go digiteach ar shuíomh gréasáin na scoile
- léaráidí eolaíochta/matamaitice a mhéadú agus a chur ar taispeánta i bparcáistí na scoile

Drámaíocht

- puipéid agus amharclann phuipéad a dhéanamh
- dráma faoin todhchaí a scríobh agus a léiriú
- amharclann sráide/mím/sobalchlár scoile a fhiosrú
- drámaí Shakespeare a athscríobh agus a dhéanamh níos nua-aimseartha
- véarsaí ó bhéal, filíocht nó amhráin a chraoladh thar idirchum na scoile
- scéalta, aistí agus filíocht a roinnt i léiriúchán fíorúil nó i leabhar maisithe

Carnabhal

- feistis & maisc shaincheaptha ainmí a dhéanamh
- mórshuíl a réachtáil ar fud do phobail áitiúil
- roinnt scileanna sorcais a fhoghlaim ar nós lámhchleasaíochta, cleas an tradhaill, áilteoireacht

Ceol

- cór a dhéanamh agus roinnt amhrán nua-aimseartha a fhoghlaim i.e., rap, Dua Lipa, the Weeknd, Billie Eilish etc.
- banna 'scoil rac' a dhéanamh
- bhur gceol úrnua a sheimn thar chóras PA na scoile le linn sosanna
- club amhránaíochta a thosú
- amhrán a chasadh agus tionlacan uirlisí a thabhairt dó, b'fhéidir go bhféadfaí ceolchoirm dhigiteach a eagrú nó scannán a dhéanamh de gach amhrán

Damhsa

- cóiréagraíocht a dhéanamh ar dhamhsa nua-aimseartha faoi bhur scoil
- stíl nua damhsa a fhoghlaim e.g. Samba, Tangó, Jive
- comórtas damhsa fíorúil a eagrú le scoil eile
- cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí freastal ar thaibhiú tar éis na scoile trí zoom

Ceardlanna do Dhaltaí

- ceardlanna piaraí a réachtáil le daltaí le go roinnfidís scileanna (b'fhéidir go bhféadfaí iad a réachtáil le scoil eile)
- seisiún 'Soap-Box' nó míreanna Vox pop a roinnt inar féidir le daltaí labhairt faoin bhfoghlaim chruthaitheach atá déanta acu
- iarraidh ar na daltaí caint fhíorúil TED a óstáil

Níl teorainn leis an gcruthaitheacht...

- dul ar shiúlóid ealaíon agus oidhreacht sa cheantar máguaird – scannán a dhéanamh di agus é a roinnt
- turas fíorúil a shocrú chun an gharraíodóireacht atá déanta agaibh a thaispeánta
- cuireadh a thabhairt do thuismitheoir cruthaitheach labhairt ar líne faoin bpróiseas oibre atá acu
- féile chócaireachta a eagrú, áit ar féidir le leanaí féiríní bia a thabhairt isteach leo le taispeánta agus labhairt fúthu
- Áit na nDaltaí a sheoladh ar láithreán gréasáin bhur scoile


Déanaigí bhur gcuid Éachtaí a Cheiliúradh agus a Roinnt!

Ba mhaith linn go ndéanfadh sibh taifeadadh ar an bpróiseas agus na himeachtaí trí fhíseáin, trí íomhánna, téacs nó fuaim. Seolaigí naisc chuig bhur gcuid íomhánna agus físeán chuig creativeschools@realnation.ie agus 'CEILIÚIR' sa líne ábhair.

Insígí do gach duine conas mar atá ag éirí le hullmhúcháin na scoile agus mar atá an scoil ag glacadh páirte i gCeiliúradh na Scoileanna Ildánacha ach bhur gcuid grianghraf agus físeán a roinnt faoin haischlib #scoileannaldánacha Déanaigí cumarsáid le teaghlaigh na scoile, roinnigí eolas faoi bhur gceiliúradh leo.

- Má tá cainéil ag an scoil ar na meáin shóisialta, déanaigí íomhánna, físeáin, cuir i láthair agus/nó eolas a roinnt faoi rannpháirtíocht na scoile/an ionaid sna ceiliúrthaí.
- Cruthaigí leathanach sonrach Ceiliúrtha ar shuíomh gréasáin bhur scoile.
- Téigí i dteagmháil leis an nuachtán áitiúil agus iarr orthu grianghrafadóir a chur chuig an ócáid/na hócáidí.
- Téigí i dteagmháil leis an stáisiún raidió áitiúil – seans go bhfuil láithreoir ann a mbeadh spéis acu cuairt a thabhairt ar an scoil/ionad, nó agallamh a chur ar na daltaí.
- Déanaigí é a fhógairt ar Twitter, Facebook nó Instagram: **#creativeschools**

Déanaigí muid a chlibeáil chun páirt a ghlacadh sa cheiliúradh ar líne:

	Arts Council	Creative Ireland
	@artscouncil_ie	@CreativeIrl
	@artscouncilireland	@CreativeIrl
	@artscouncilireland	@CreativeIreland